Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**8216/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0230 (COD)**

**CODEC 607**
**CLIMA 66**
**ENV 244**
**AGRI 185**
**FORETS 14**
**ONU 30**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 22 Iúil 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 10 Márta 2017[2]. D'eisigh Coiste na Réigiún a thuairim ar an 17 Lúnasa 2017[3].

[1] 15108/16.
[2] IO C 75, 10.3.2017, lch. 103.
[3] IO C 272, 17.8.2017, lch. 36.

3. Ar an 17 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar thángthas air idir na hinstitiúidí agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 68/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Polainne ag vótáil ina choinne agus toscaireacht na Laitvia ag staonadh ó vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8049/18.